Docusign Envelope ID: 4DFAF584-E783-4B58-BA63-7EC8FEA7A3AB

# Teilifís na Gaeilge

## Cruinniú 24 Feabhra 2025

TG4 Baile na hAbhann.

**Miontuairiscí**

**Tinreamh**

Bhí Siobhán Ní Ghadhra, Mairéad Ní Nuadháin, Aedín O'Leary agus Muireann Ní Chíobháin ar Zoom agus na comhaltaí eile i mBaile na hAbhann.

**1. Fáilte**

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh na comhaltaí.

**2. Deimhniú Leas Pearsanta**

Dheimhnigh na comhaltaí nach raibh aon choimhlint leasa seachas an méid a bhí tugtha le fios don Rúnaí roimh an chruinniú.

**3. Miontuairiscí**

Glacadh le miontuairiscí Mhí na Nollag.

**4. Gnó ag éirí as na Miontuairiscí**

Iarradh nótáil go raibh comhalta amháin ag moladh go dtógfaí san áireamh ardú pá foirne mar chuid den bhuiséad do 2025. Dúradh go raibh buiséad ar leataobh do roinnt foirne bhreise freisin agus go mbeadh seo le plé nuair a bheadh Ard-Stiúrthóir nua tosaithe.

Pléadh an Prótacal le RTE. Dúradh go raibh síneadh bliana curtha leis an phrótacal reatha i 2023 agus go rabhthas fós ag feidhmiú de réir an phrótacal sin. Dúradh go mbeadh cruinniú le RTE go luath leis an socrú Nuachta a phlé.

**5. Tuairisc an Ard-Stiúrthóra**

5.1 **Stoirm Éowyn**

Docusign Envelope ID: 4DFAF584-E783-4B58-BA63-7EC8FEA7A3AB

Dúradh go raibh tionchar mór ag an storim ar an 24ú Eanáir. Tugadh le fios gur éirigh le córais inmheánacha cumhachta TG4 (UPS, uninterrupted power supply agus gineadóir díosail) innealra agus córais chraoltóireachta TG4 a choinneáil ag imeacht gan aon bhriseadh, ach gur theip ar chuid mhaith den infreastruchtúr seachtrach náisiúnta a cheanglaíonn TG4 leis na córais náisiúnta cumarsáide. Thug an tArd-Stiúrthóir moladh don fhoireann teicneolaíochta agus oibríochta as a gcuid oibre. Is ar SKY agus ar Sheinnteoir TG4/Cúla4 is mó a bhí 'outages' ar TG4 – agus fuair TG4 roinnt mhaith clamhsán ó dhaoine sa gcuid sin den tír a raibh leictreachas fós acu. Dúradh go raibh seirbhís leanúnach ag TG4/Cúla4 ar Saorview, Virgin, Vodafone agus Eir i gcaitheamh an ama. Beifear ag breathnú chun níos mó 'resilience' a chur sna ceangail atá again, agus réiteach freisin, nach bhfuil ag brath ar aon cheann de na comhpháirtithe náisiúnta.

**5.2 Rialtas, Roinn, Coimisiún na Meán agus RTÉ**

5.2.1 *Gealltanais 2025/ASPC:* Dúradh go raibh ASPC 2025 curtha le chéile agus le cur i láthair an Bhoird ag an chruinniú seo.

5.2.2 *Roinn na Meán:* Meabhraíodh go raibh Aire nua ceaptha, Patrick O' Donovan, agus athrú freisin ar chúraimí na Roinne. Is iad Ealaíon, Cultúr, Cumarsáid, na Meáin agus Spórt cúraimí nua na Roinne. Dúradh go raibh sé luaite freisin ag an Aire Gaeltachta, Dara Calleary, gur mhaith leis TG4 agus Raidió na Gaeltachta a fheiceáil ag dul chun cinn faoin Rialtas seo. Dúradh go raibh dóchas go ndéanfadh TG4 dul chun cinn maith faoin Rialtas nua seo mar a rinne faoin rialtas deiridh.

5.2.3 *Coimisiún na Meán – 5 Year Review:* Dúradh go raibh plé leanúnach idir TG4 agus Coimisiún na Meán maidir leis an 5 Year Review agus go raibh an chumarsáid idir TG4 agus Coimisiún na Meán láidrithe agus feabhsaithe.

Thug an tArd-Stiúrthóir le fios go raibh cruinniú aige le Coimisinéir na Meán ar an 11 Nollaig inar chuir sé in iúl frustrachas faoin easpa dul chun cinn maidir le Nuacht TG4 agus freisin faoin laghad tuisceana a léirigh comhairleoirí CnaM ar ról an chraoltóra teilifíse mionteanga. D'iarr CnaM plean céimnithe a chur le chéile chun neamhspleáchas eagarthóireachta a bhaint amach do Nuacht TG4. Dúradh go raibh cainteanna le tosú ar an 6ú Márta le RTÉ chun Moladh 7.1 a bhrú ar aghaidh. Míníodh go raibh comhthuiscint ann ag an dá chraoltóir gur próiseas céimithe atá á lorg ag Coimisiún na Meán, agus go mbeifí ag díriú ar é sin a bhaint amach.

Docusign Envelope ID: 4DFAF584-E783-4B58-BA63-7EC8FEA7A3AB

Maidir le ról an chraoltóra teilifíse mionteanga, dúradh gur ábhar dóchais é go raibh an Dr John Walsh ceaptha ag comhairleoirí CnaM le comhairle a chur orthu maidir le ról na meán mionteanga.

5.2.4 *RTÉ – An Prótacal:* Cuireadh cóip den Phrótacal a síníodh le RTE in 2018 ar fáil don bhord. Dúradh gur tréimhse 5 bliana a bhí sa Phrótacal sin ach go raibh síneadh curtha leis gach bliain ó shoin. Dúradh go raibh easnamh sa soláthar le roinnt blianta ach go raibh sé déanta suas i mbliana cé nach rabhthas go hiomlán sásta leis an gcaighdeán/cineál clár atá sa soláthar.

**5.3 Coimisiúnú, Forbairt, Margaíocht, Comhpháirtíocht, Cartlann.**

5.3.1 *Lucht féachana 2024:* Dúirt an tArd-Stiúrthóir gur tháinig ardú ar sciar líneach náisiúnta TG4 don 5ú bliain as a chéile, agus arduithe suntasacha ar na seirbhísí neamhlíneacha agus thréaslaigh sé le gach éinne as seo a bhaint amach.

5.3.2 *Cartlann 2025:* Dúradh go raibh an dearadh aontaithe don Cartlann Rochtain Dúnta (Closed Access Archive) – seirbhís a bhfuil mar aidhm aici, ábhar na cartlainne a chur ar fáil don phobal. Dúradh go mbeadh trí leibhéal rochtana i gceist mar gheall ar chearta. Tá súil go mbeidh an Chartlann le seoladh ag Oireachtas na Samhna i mBéal Feirste.

*5.3.3 Oscars, BAFTAs, IFTAs, etc*: Tréaslaíodh le gach duine go raibh baint acu le ‘Kneecap’, ‘Crá’ agus gach ábhar eile a fuair ainmniúchán le bliain anuas. Dúradh gur éacht faoi leith é do Rich Peppiatt, stiúrthóir ‘Kneecap’, an BAFTA ‘Best Debut’ a bhaint amach.

5.3.4 Thug an tArd-Stiúrthóir aitheantas faoi leith d’fhoireann Cumarsáide TG4, as bliain an-ghnóthach le mór-imeachtaí, poiblíocht agus tionscnaimh i rith 2024, bliain an-ghnóthach.

*5.3.5 Tograí Eorpacha:* Mhínigh an tArd-Stiúrthóir gurb í seo an bhliain deiridh den togra Horizon – Transmixr- agus go raibh dul chun cinn maith déanta maidir leis an togra VR ‘Newsroom of the Future’. Dúradh go raibh sé beartaithe clár trialach a thaifead as seo go ceann cúpla mí, ag úsáid an trealamh atá forbartha.

Docusign Envelope ID: 4DFAF584-E783-4B58-BA63-7EC8FEA7A3AB

5.3.6 Tugadh le fios go raibh tús curtha leis an togra LLLMs4Eu de chuid Alt-Edic atá ag plé le LLMs (Large Language Models) i dteangacha seachas an Béarla. Comhpháirtíocht ollmhór ina bhfuil 70 rannpháirtí as 20 tír éagsúil páirteach ann.

5.3.7 Dúradh go raibh iarratas á ullmhú do Creative Europe chomh maith i gcomhar le BNT (An Bhulgáir) & RTVSLO (an tSlóvéin) ar thogra idirghlúine litearthacht sna meáin.

*5.3.8 Straitéis Inbhuanaitheachta:* Thagair an tArd-Stiúrthóir don obair bhreise atá déanta chun cuidiú le spriocanna inbhuanaitheachta TG4 a chur in oiriúint do na riachtanais tuairiscithe CSRD (EU Corporate Sustainability Reporting Directive) agus eile. Dúradh go raibh fo-ghrúpaí GESG (Gaeilge, environmental, social & governance) á gcur le chéile agus pleananna gníomhaíochta idir lámha chun an straitéis féin a chur i gcrích.

**5.4 Acmhainní Daonna, conarthaí, dlí agus cúrsaí foirne.**

*5.4.1 Lá Foirne 2025*: Dúradh go mbeadh Lá Foirne TG4 ar an 26 Feabhra a thabharfadh deis don fhoireann teacht le chéile, pleananna a phlé agus eolas a roinnt. Cuireadh fáilte mhór roimh na comhaltaí Boird a bheith i láthair.

5.4.2 Tugadh eolas faoi bhaill nua foirne a bhí tosaithe le TG4, Oifigeach Rialachais Chorparáidigh, agus beirt intéirneach nua. Dúradh go raibh folúntais fógartha do Intéirneach Cúla4, Eagarthóir Blaisíní agus do bheirt Mhaor Craolacháin agus go mbeadh ról do Theicneoir Innealtóireachta & TF/IT le fógairt freisin. Tugadh aitheantas do Phádraic Ó Ráighne atá ag éirí as a ról Margaíochta le TG4 théis Sos Gairme le dhá bhliain.

**5.4 Miontuairiscí**

Roinneadh miontuairiscí na gcruinnithe Ard-Bhainistíochta leis an mBord.

**6. Gnó an Chathaoirligh**

6.1 *Rialtas Nua:* Thug an Cathaoirleach le fios go raibh litir seolta aici chuig Aire na Meán agus chuig Aire na Gaeltachta ag déanamh comhghairdis leo ar a gceapachán. Dúirt sí freisin go n-iarrfadh sí cruinniú leis an Aire nua nuair a bheadh an tArd-Stiúrthóir nua i mbun oibre.

Docusign Envelope ID: 4DFAF584-E783-4B58-BA63-7EC8FEA7A3AB

6.2 *SPI:* Luaigh an Cathaoirleach go raibh cruinniú beartaithe idir SPI agus Bord TG4 agus go socrófaí sin nuair a bheadh an tArd-Stiúrthóir nua ceaptha.

**7. Cuntais Mhí na Samhna 2024**

Thug an Stiúrthóir Airgeadais cur síos ar Chuntais TG4 do dheireadh na bliana. Cuireadh dréachtráiteas Ioncaim & Caiteachas agus dréachtráiteas Staid Airgeadais faoi bhráid an Bhoird le ceadú.

Glacadh leis na cuntais.

**8. Gealltanais 2025**

Rinne an Stiúrthóir Airgeadais cur síos ar an gcáipéis Gealltanais 2025 a bhí curtha ar fáil don Bhord. Meabhraíodh an 7 mhórsprioc a bhí ag TG4 in 2024 mar chuid den Straitéis 2023 – 2027. Phléigh an Bord an phráinn a bhí le dul chun cinn faoi shocrú maidir le Nuacht TG4 agus gur tosaíocht an-tabhachtach í sin. Pléadh freisin an gá le maoiniú breise le freastal níos fearr a dhéanamh ar an lucht féachana. Dúradh go mbeadh an cháipéis Gealltanais á cur ar fáil do Choimisiún na Meán.

Glacadh leis na Gealltanais.

**9. Tuairisc Lucht Féachana**

Thug an Bainisteoir Taighde & Léargas Lucht Féachana achoimre ar an Lucht Féachana a bhí ag TG4 le linn 2024, ar aer, ar an seinnteoir agus trasna na Meán Sóisialta.

**10. Tuairisc GESG:**

Tugadh tuairisc don Bhord ar an dul chun cinn le Straitéis Inbhuanaitheachta.

**11 Tuairisc ó Fhochoistí Boird**

11.1 **Coiste Digiteach**

Tugadh tuairisc ón chruinniú a bhí ag an Choiste Digiteach ar an 12 Nollaig. Tugadh eolas maidir le lucht féachana agus na forbairtí atá déanta ar Sheinnteoir TG4 le linn 2024 agus tograí forbartha atá beartaithe. Tugadh léargas freisin faoi an obair dáileachán chuig Ardáin éagsúla agus an

Docusign Envelope ID: 4DFAF584-E783-4B58-BA63-7EC8FEA7A3AB

próiseas chun clár á réiteach ón uair a thagann sé isteach ó na léiritheoirí, go dtí go bhfuil sé ar fáil ar na hardáin éagsúla.

11.2 **Coiste Luach Saothair**

Tugadh tuairisc ón chruinniú a bhí ag an Choiste Luach Saothair ar an 16 Nollaig. Tugadh uasdátú ar phróiséas earcaíochta an Ard-Stiúrthóra nua agus ar chruinniú le SPRC.

11.3 **Coiste Iniúchóireachta agus Riosca** (CIR)

Tugadh tuairisc ón chruinniú a bhí ag an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ar an 17 Nollaig. Cuireadh eolas ar fáil don CIR maidir le buiséid Cúla4 agus le buiséad na gclár nach bhfuil geallta do chomhlachtaí ollsoláthar. Thug DHKN tuairisc dóibh ar an tríú iniúchóireacht inmheánach do 2024 (a bhain le Osradharc ar Chúrsaí Slainte agus Sábháilteachta agus Córais Leanúnachais Gnó.).

Fuair an coiste cur i láthair ar leagan uasdátaithe de Chlár Riosca TG4 agus tugadh uasdátú ar shaincheisteanna ón Stiúrthóir Airgeadais.

Pléadh ceist aistriú ceannas Nuachta ó RTÉ go TG4 agus nótáladh Clár Conarthaí uasdátaithe.

Rinne an Stiúrthóir Teicneolaíochta cur i láthair don CIR agus thug tuairisc dhóibh ar thionchar na stoirme. Rinneadh tagairt do na comhlachtaí agus an trealamh teicneolaíochta atá in úsáid i TG4 agus na tíortha as a dtagann siad.

Déanadh plé ar an dréacht nua de Théarmaí Tagartha an Choiste CIR agus dúradh go mbeidís seo le ceadú ag an bhord nuair a bheadh an leagan críochnúil aontaithe ag an choiste CIR.

D’aontaigh an Bord an Comhairleoir Seachtrach ar an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) a athcheapadh ar feadh tréimhse eile.

11.4 **Coiste Nuachta & Cúrsaí Reatha**

Tugadh tuairisc ón chruinniú a bhí ag an Choiste Nuachta & Cúrsaí Reatha ar an 11 Feabhra. Dúradh gur scríobh Coimisiún na Meán chuig TG4 agus RTÉ ag lorg tús le plé ar bhonn práinne idir an dá eagraíocht ar chur chuige céimnithe chun Moladh 7.1 a bhaint amach. As san, bhí cruinniú socraithe idir TG4 agus Nuacht RTE ar an 6ú Márta.

Docusign Envelope ID: 4DFAF584-E783-4B58-BA63-7EC8FEA7A3AB

Léirigh an coiste a ndíomá maidir leis an moill atá ann le cur i bhfeidhm Moladh 7.1. Mhol an coiste go mbeadh béim á cur sna cainteanna ar chur chuige a chinnteoidh ceannas eagarthóireachta nuachta do TG4 chomh luath agus is féidir.

**12 Ceadú Conartha**

12.1 Rinne an Ceannasaí Spóirt cur i láthair maidir le cur chuige Rugbaí Beo agus a thábhacht do sceideal spóirt TG4. Déanadh costais cearta Rugbaí a aontú ar feadh tréimhse 4 bliana.

**13. Gnó Chomhaltaí Boird**

Rinneadh moladh go gcuirfí am Boird ar leataoibh uair sa ráithe ina mbeadh deis plé a dhéanamh ar chláracha agus sceideal TG4 ar bhealach a bheadh mar thaca don Ard-Stiúrthóir agus don bhainistíocht.

Socraíodh an moladh seo a phlé arís nuair a bheadh Ard-Stiúrthóir nua sa ról.

**14. Riarachán Boird**

14.1 Folúntais Boird: Dúradh go raibh an próiséas don fholúntas foirne ar an mBord idir lámha agus vótáil ar siúl ar an 08 & 09 Aibreán.

Dúradh go raibh An Roinn le tús a chur leis an phróiseas ceapacháin do na 3 chomhalta eile a mbeidh a dtréimshe ag teacht chun críche ar an 29/11.

14.2 Measúnú Boird: Meabhraíodh go raibh cur i láthair faoin Measúnú Boird ar siúl ar an 6ú Márta.

14.3 Comhairle Lucht Féachana: dúradh go raibh fógra á rith faoi láthair ag lorg baill nua de Chomhairle Lucht Féachana TG4.

14.4 Suirbhé Sástachta Foirne: dúradh go raibh an suirbhé déanta agus go roinnfí leis an Bhord iad don chéad chruinniú eile.

Docusign Envelope ID: 4DFAF584-E783-4B58-BA63-7EC8FEA7A3AB

**15. Aon Ghnó Eile**

Ní raibh aon ghnó eile ann.

**16. Buíochas le Ard-Stiúrthóir**

Chuir an Cathaoirleach a buíochas in iúl d'Ard-Stiúrthóir TG4, Alan Esslemont, a bhí ag críochnú sa ról ar an 13 Aibreán, ach arbh í seo a cruinniú boird deiridh. Ghabh sí buíochas ó chroí leis thar cheann an Boird agus thar cheann an phobail ar a raibh bainte amach aige ó thaobh TG4, ó thaobh na hearnála agus ó thaobh na Gaeilge de. Mhol sí an uaillmhiain agus an cheanaireacht a léirigh sé agus an dearcadh dearfach a spreag sé. Thréaslaigh na comhaltaí leis an ard-stiúrthóir as an fís láidir a bhí aige don earnáil léirithe agus an méid a rinne sé le aitheantas a bhaint amach do TG4 go domhnanda. Dúradh go seasfadh a oidhreacht i bhfad.

Ghabh an tArd Stiúrthóir buíochas leis an Bhord agus le foireann TG4 as a gcuid oibre uilig. Dúirt sé nach raibh rud níos luachmhaire ná an cultúr dearfach in TG4, agus an chruthaitheacht in earnáil na Gaeilge agus go bhféadfaí fás agus tógáil air seo le tacaíocht an rialtais ins na blianta romhainn.

**Críoch**

DocuSigned by:

***Síniú*** Anna Ní Ghallachair ______________________________

1915C3940044407...

***Dáta*** 30-May-25 | 11:31 AM BST ______________________________